

Tá na nótaí seo deartha chun tuilleadh faisnéise a thabhairt maidir le conas na ceisteanna atá i *CensusAtSchool* 2013-14, a foilsíodh den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2013, a fhreagairt.

Tabhair faoi deara: Más mian leat na ceisteanna ar líne a sheiceáil sula n-iarrfaidh tú ar na daltaí an tasc a chur i gcrích, bain úsáid as an bhfocal "TÁSTÁIL" sa bhosca "Ainm na Scoile" agus ansin is féidir an tsraith sin sonraí a aithint go héasca sna sonraí a thugann tú ar ais.

Go hidéalach, ba chóir do dhaltaí cruachóip den cheistneoir a chomhlánú sula gcomhlánóidh siad an ceistneoir ar líne. Go háirithe, ba chóir na tomhais choirp a dhéanamh roimh ré mar go gcabhróidh sé sin leis an seisiún iontrála sonraí a bhrostú. Ba chóir go dtógfadh sé sin 25 nóiméad san iomlán. Féach *CensusAtSchool Guide to Taking Measurements* ('Treoir *CensusAtSchool* maidir le Tomhais a Ghlacadh').

### Cineálacha Sonraí sa Cheistneoir Seo

Tugtar sonraí de chineál ainmniúil catagóireach i ngach ceann de na ceisteanna seo a leanas: C1, C3, C5, C7, C9, C10, C11, C12, C14.

Tugtar sonraí de chineál catagóireach orduimhriúil i C2.

Tugtar sonraí leanúnacha uimhriúla i C4 (seachas méid bróige).

Tugtar sonraí scoite uimhriúla i C4 (méid bróige), i C6, i C8 agus i C13.

C9 agus C14: Is athróg leanúnach uimhriúil é an t-airgead a úsáidtear i ríomhanna, ach deirtear linn é a shlánú go luachanna scoite uimhriúla chun críocha na ceiste.

Is féidir úsáid a bhaint as na ceisteanna seo le haghaidh na gcineálacha seo a leanas d'anailís gheografach:

#### Sonraí aonathráideacha:

Cineál Sonraí	Línebhreacadh	Barrachair †	Tábla Minicíochta	Histeagram	Píchairt	Léaráid ghais is duillí
Catagóireach	✓	✓	✓		✓	
Scoite uimhriúil	✓	✓	✓		✓	✓
Leanúnach uimhriúil	✓		✓	✓		✓

Chun críocha comparáide, is féidir le daltaí úsáid a bhaint as barrachairteacha ilchodacha, as léaráidí gais is duillí ceann i ndiaidh a chéile agus as histeagraim ceann i ndiaidh a chéile.

#### Sonraí dé-athráideacha:

Is féidir le daltaí scaipghraim a tharraingt chun imscrúdú a dhéanamh ar ghaolta idir dhá athróg, mar shampla, airde agus síneadh ingearach, etc.

### Ceisteanna a Fhreagairt agus a Léirmhíniú

Ceist 4: Is é atá sa *CensusAtSchool Guide to Taking Measurements* ('Treoir *CensusAtSchool* maidir le Tomhais a Ghlacadh') ná faisnéis agus léaráidí atá an-soiléir maidir le conas is féidir le daltaí obair le chéile chun na tomhais atá ag teastáil don cheist seo a bhailiú.

D'fhéadfadh sé a bheith fiúntach cúig limistéar ar féidir le foghlaimeoirí na nithe seo a leanas a thomhas iontu a bhunú sa seomra ranga roimh ré:

- a) airde agus síneadh ingearach;
- b) fad coise;
- c) géag-réise oscailte;
- d) lámh-réise;
- e) ráta cuisle (ceist 8).

Ceist 5: Tá roghchlár anuas sa leagan ar líne den cheist seo, agus liostaítear raon éagsúil gléasanna ceoil ann. Tá roghchlár anuas sa seánra ceoil a sheinntear, agus tá rogha bheag seánraí ceoil ann. Nuair atáthar ag déanamh anailíse ar shonraí daltaí sa rang, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach a fheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil comhghaol idir inscne agus an gléas ceoil nó an seánra ceoil.

Ceist 6: D'fhéadfadh an cheist a bhaineann le coisbheart aird a tharraingt ar roinnt difríochtaí inscne, maidir le líon iomlán na bpéirí coisbhirt agus maidir leis na cineálacha coisbhirt araon.

Ceist 8: Is é atá sa *CensusAtSchool Guide to Taking Measurements* ('Treoir CensusAtSchool maidir le Tomhais a Ghlacadh') ná faisnéis an-soiléir maidir le conas ráta cuisle a ghlacadh. Tá faisnéis inár gcáipéis [Cad is Ráta Cuisle Ann](#) freisin. Is féidir leis na sonraí daltaí a bhailítear plé a thionscnamh ar conas a éilíonn aclaíocht go bpumpáiltear níos mó ocsaigine ar fud an choirp, rud as a dtagann an ráta croí níos airde. Cén cineál éagsúlachta atá ann i measc na sonraí ranga? An féidir an éagsúlacht sin a mhíniú toisc go bhfuil rátaí croí an-éagsúil ag daoine aclaí agus ag daoine neamhaclaí tar éis aclaíochta? (Is féidir.)

Ceist 9: Déan plé ar an raon difríochta sonraí maidir leis an méid airgid a chaitear ar creidmheas gach seachtain. An raon difríochta forleathan é nó an gcaitheann formhór na ndaltaí méid atá laistigh de raon cúng?

Ceisteanna 10a agus 10b: D'fhéadfadh tosaíochtaí inscne i leith cineálacha bia nó deochanna éagsúla (i gcásanna ina bhfuil ranganna measctha i gceist) teacht as na cineálacha seo ceisteanna. Níos ginearálta, is féidir plé a dhéanamh ar thosaíochtaí daltaí i leith roghanna bia shláintiúil in aghaidh na roghanna bia nach bhfuil chomh sláintiúil sin.

Ceist 12a: Mínigh an difríocht idir leabhair ficsin agus leabhair neamhficsin do dhaltaí i gcás go bhfuil aon mhearbhall maidir leis an téarmaíocht.

Ceist 12b: D'fhéadfadh na sonraí ranga a thugtar don cheist seo roinnt pointí plé a chur ar fáil - cad é an céatadán de dhaoine nach léann leabhair; An bhfuil aon tosaíocht inscne i leith an chineáil leabhair a léitear?

Ceisteanna 12c agus 12d: Cad é an céatadán de dhaltáí a léigh leabhar nó ríomhleabhar le mí anuas? Tá sé tábhachtach béim a leagan nach bhfuil leabhair scoile (idir ríomhleabhair agus théacsleabhair) le cur san áireamh anseo. Má tá céatadán ard de dhaltáí nár léigh leabhar le mí anuas, is féidir leis an gceist seo plé a thionscnamh ar na nithe eile a dhéanann daltaí lena gcuid ama seachas leabhair a léamh. Is féidir leis an gceist a bhaineann le ríomhleabhair plé a thionscnamh ar leitheadúlacht na teicneolaíochta i saol daltaí. An mbíonn an teicneolaíocht sin á húsáid acu chun ríomhleabhair a léamh nó an mbíonn siad ag léamh leabhair pháipéir go fóill?

Ceist 13: Ní mór don mhúinteoir réamhrá éigin a thabhairt leis an gceist seo. Mar shampla, iarr ar na daltaí a mheas an bhfuil muinín acu as an nGarda Síochána mar institiúid nó an mbeadh muinín acu as Garda ar bhuail siad leis/léi ar an tsráid. Déan an rud céanna i gcás na roghanna eile, an mbraitheann sibh gur ábhar iontaofa é an t-ábhar a amharcann sibh ar an Idirlíon? An mbraitheann sibh go bhfuil na polaiteoirí a dhéanann ionadaíocht dúinn iontaofa agus go ndéanann siad an rud ceart don phobal ina iomláine? Más rud é gur bhuail sibh le polaiteoir ag díospóireacht scoile agus gur iarr sibh air/uirthe rud éigin a dhéanamh faoi na ciorruithe ar an Oideachas, an mbraitheann tú go n-éistfidh sé/sí libh? An bhfuil bhuairimí faoi pholaiteoirí ar leith éagsúil le bhuairimí faoi pháirtithe polaitíochta ina n-iomláine? Go háirithe, d'fhéadfadh sé a bheith spéisiúil plé a dhéanamh ar na torthaí don cheist a bhaineann leis an muinín atá acu as a gcairde scoile.

Ceist 14: D'fhéadfadh an cheist seo plé a thionscnamh ar an neamhspleáchas eacnamaíoch agus ar an gcumhacht caithimh atá ag na daltaí. Cad é an céatadán de dhaltáí a dhéanann obair ar íocaíocht?